



Ceartha Tomhaltóirí Litir Ghearáin



Samhlaigh gur cheannaigh tú seinnteoir MP3 le déanaí go raibh ort a thógáil ar ais láithreach toisc nach raibh sé ag luchtú mar is ceart.

Dheisigh an siopa é agus d'fheidhmigh sé ar feadh míosa sular tharla an fhadhb chéanna arís.

Chuaigh tú ar ais go dtí an siopa arís agus d'éiligh tú aisíocaíocht iomlán.

Dúirt an cúntóir go mbeadh orthu an MP3 a dheisiú trí huaire sula mbeadh aisíocaíocht ag dul duit. Tá tú den tuairim nach bhfuil ciall ar bith leis seo agus níl tú sásta in aon chor.

Socraíonn tú litir ghearáin a scríobh.

Ba cheart go gclúdódh do litir, seolta chuig an mbainisteoir, na sonraí seo:

- Beannú tosaigh
- Na dátaí go ndearna tú teagmháil leis an siopa
- An méid a dúradh leat gach uair
- Na cúiseanna nach raibh tú sásta leis an méid a dúradh leat
- An socrú atá ag teastáil uait
- An méid a dhéanfaidh tú mura bhfaigheann tú toradh sásúil
- Síniú agus slán

